AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2025
COM(2025) 582 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le cinneadh na Rannpháirtithe sa Chomhaontú Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta i ndáil le haicmiú an riosca féichiúnaí in idirbhearta de minimis lena mbaineann aerárthaí talmhaíochta

IARSCRÍBHINN

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn na Rannpháirtithe sa Chomhaontú Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('CEA') tacú leis na hathruithe ar fhonótaí 2 agus 3 d'Fhoscríbhinn II (Préimhrátaí Íosta) de CEA mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo. Déantar tagairtí thíos d'fhonótaí CEA. Tá na nithe a chuirtear leis i g**cló trom agus folíne fúthu**:

FOSCRÍBHINN II

PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA

[2] *Maidir le hidirbhearta ag a bhfuil luach conartha onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún,* ***má bhaineann an t-onnmhairiú le haerárthaí talmhaíochta agus más feirmeoir nó cuideachta spraeála é an féichiúnaí deiridh, féadfaidh Rannpháirtí an t-aicmiú riosca a mheasann sé a bheith iomchuí a chur i bhfeidhm agus tabharfaidh sé fógra faoin idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 24 a) den Chomhaontú Earnála seo. Maidir le gach idirbheart eile ag a bhfuil luach onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún (go háirithe na hidirbhearta inar aerlíne nó cuideachta léasaithe aerárthaí é an féichiúnaí deiridh, gan beann ar cé acu an mbaineann an t-onnmhairiú le haerárthaí talmhaíochta nó nach mbaineann)****, déanfaidh Rannpháirtí nach mian leis an nós imeachta um aicmiú riosca a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 den Fhoscríbhinn seo a leanúint an t-aicmiú riosca '8' a chur i bhfeidhm don cheannaitheoir/iasachtaí is ábhar don idirbheart agus tabharfaidh sé fógra faoin idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 24 a) den Chomhaontú Earnála seo.*

[3] *Maidir le hidirbhearta ag a bhfuil luach conartha onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún,* ***seachas idirbhearta a bhfuil fógra le tabhairt fúthu i gcomhréir le hAirteagal 24 a) de bhun fhonóta 2 den Fhoscríbhinn seo,*** *beidh feidhm ag tréimhse 5 lá oibre.*